

**Tuarascáil Bhliantúil de Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann**  
**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016**

(De bhun Alt 57AW d’Acht an Bhainc Ceannais 1942 agus mar a cuireadh isteach ag Alt 28 d’Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003).

1. Bunaíodh Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (An Binse) de bhun Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 (‘Acht 2003’).

**Comhaltas an Bhinse**

2. Tá seachtar comhalta ar an mBinse a d’ainmnigh an Rialtas agus rinne Uachtarán na hÉireann iad a cheapadh. Is iad beirt fheidhmeannaigh an Bhinse ná an tUasal John D. Cooke, Abhcóide Sinsir, Cathaoirleach, iarBhreitheamh ó Chúirt Chéadchéime an Aontais Eorpaigh agus Ard-Chúirt na hÉireann, agus Inge Clissmann, Abhcóide Sinsir, an LeasChathaoirleach. Is iad seo a leanas Comhaltaí an Bhinse: Paul Brennan, Aturnae; Geraldine Clarke, Aturnae; Helen Collins, Aturnae; Teresa Pilkington, Abhcóide Sinsir agus Conor Power, Abhcóide Sinsir.
3. Is í Treasa Kelly, Abhcóide, Cláraitheoir an Bhinse.
4. Cuireadh in iúl don Bhinse i rith 2016 go mbeadh air imeacht ón gcóiríocht oifige sealadach a bhí in úsáid aige ó bunaíodh é ag Teach Freidiric, Sráid Freidiric Theas, Baile Átha Cliath 2. Tá sé anois lonnaithe ag sraith oifigí atá ar léas ag an mBinse áit a bhfuil seomra éisteachta ar fáil ag 4/5 Cearnóg Árann, Lána Lincoln, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7. Uimhir Teileafóin: 01 8727693; Suíomh gréasáin: [www.ifsat.ie](http://www.ifsat.ie) agus Seoladh Ríomhphoist: [Registrar@IFSAT.ie](mailto:Registrar@IFSAT.ie)

**Gnásanna Achomharc.**

5. Is comhlacht gar-bhreithiúnach é BASAÉ le cumhachtaí reachtúla chun éisteacht agus dearbhú a dhéanamh ar achomhairc ó chinntí áirithe a thugann an Banc Ceannais, ar ‘chinntí inachomhairc’ iad faoi bhrí Alt 57A (1) d’Acht

an Bhainc Ceannais 1942 (curtha isteach ag Alt 11 d’Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísi Airgeadais na hÉireann 2004).

6. Cuirtear tús le achomharc go BASAÉ trí Fógra Achomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse. Bíonn ocht lá is fiche ansin ag an mBanc Ceannais a Fhreagra ar Achomharc a thabhairt. Is féidir cur leis an tréimhse seo ach dul i dteagmháil le Cláraitheoir an Bhinse. (Tá foirmeacha maidir le Fógra Achomhairc agus Freagra ar Achomharc ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse). I ndiaidh do na páirtithe na páipéir a mhalartú agus réamhcheisteanna a phlé, éistfidh triúr comhalta a roghnóidh an Cathaoirleach an t-achomharc agus déanfaidh siad cinneadh.
7. Tá fáil ar orduithe agus ar chinntí scríofa an Bhinse ar an suíomh gréasáin [www.ifsat.ie](http://www.ifsat.ie)

#### **Achomhairc:**

8. Cuireadh ceithre achomhairc faoi bhráid an Bhinse i rith na bliana 2016.
9. Trí Fhógra Achomhairc dar dáta 7ú Eanáir 2016, thug David Redmond fógra achomhairc don Bhinse ó chinneadh an Bhainc Ceannais a dhiúltaigh iarratas an Uasail Redmond i) údarú faoi alt 10 d’Acht Idirghabhálaithe Infheistíochta 1995 (mar atá leasaithe) gnó a riar mar ghnólacht rialaithe; agus clárú mar idirghabhálaí árachais de bhun Rialachán 8 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Idirghabháil Árachais) 2005 (mar atá leasaithe).
10. Ar an 12 Aibreán 2016, d’éist painéal ainmnithe ón mBhinse an t-achomharc. Ar an 5 Bealtaine 2016, thug an Binse a chinneadh agus diúltaíodh an t-achomharc. Ar an 26 Meán Fómhair 2016, rialaigh an Binse ar iarratas chostais an Bhainc Ceannais agus rinneadh ordú a bhronn roinnt de na costais orthu. Tá fáil ar an gCinneadh Scríofa agus ar an Ordú ar shuíomh gréasáin an Bhinse.
11. Trí Fhógra Achomhairc dar dáta 19 Lúnasa 2016, lorg Octagon Online Services Limited (an Gnólacht) achomharc a dhéanamh ar athchatagóiriú an Ghnólachta de réir PRISM (Probability Risk and Impact System) an Bhainc Cheannais ó ghnólacht tuinsimh íseal go gnólacht meántuinsimh faoin Treoir

maidir le Margáí agus Ionstraimí Airgeadais (Rialacháin MIFID – Markets and Financial Instruments Directive).

12. Ina Chinneadh dar dáta 16 Nollaig 2016, chinn an Binse nach raibh aon dlínse aige an t-ábhar a phlé de bhrí nárbh ‘chinneadh inachomhairc’ é faoi bhrí alt 57A d’Acht an Bhainc Cheannais 1942. Tá fáil ar chinneadh scríofa an Bhinse ar shuíomh gréasáin an Bhinse.
13. Trí Fhógra Achomhairc dar dáta 9 Meán Fómhair 2016, thug Ger Bradley fógra achomhairc don Bhinse de chinneadh an Bhainc Cheannais ón 27 Iúil 2016. Níor tháinig críoch leis an achomharc seo i 2016.
14. Trí Fhógra Achomhairc dar dáta 8 Samhain 2016, rinne Comhar Creidmheasa Naomh Colmcille Teoranta (Ceanannas) achomharc in aghaidh caingne a thug an Banc Ceannais de réir reachtaíocht a rialaíonn na comhair chreidmheasa. Níor tháinig críoch leis an achomharc seo i 2016.

#### **Cuntais Bhliantúla.**

16. Tá na cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 ar fáil le seo.

De réir fhorálacha Alt 57AW d’Acht 2003, foilseoidh an Binse an Tuarascáil seo i ndiaidh di dul faoi bhráid Tithe an Oireachtais agus féadfaidh daoine ón bpobal teacht ar an Tuarascáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse.

An tUasal John D. Cooke (Abhcóide Sinsir)

Cathaoirleach

Dar dáta: 29 Márta 2017